
Coirib go Cósta
Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe
Galway City Flood Relief Scheme

Clár
6

Rannpháirtíocht Phoiblí - Lá Uimh.2

# Léarscáil Thuarthach maidir le Fairsinge Tuilte Cósta




## Tuile Cósta (Tuile Taoide agus Scaileogú)


Bíonn tuile cósta i gceist nuair a tharlaíonn borradh stoirme ag an tráth céanna le taoide ard réalteolaíoch ar mar gheall air sin a sháraíonn leibhéal uisce na taoide leibhéal na talún in aice leis an gcósta. Foinse eile a bhíonn ina cúis le tuilte cósta i gcathair na Gaillimhe is ea scaileogú nuair a shreabhann uisce isteach sa tuilemhá mar gheall ar thonnta ag briseadh. De ghnáth, tarlaíonn scaileogú in éineacht le tuile taoide.

Rinneadh tuile cósta a mheasúnú go mion mar chuid den staidéar trí úsáid a bhaint as samhail hiodrálach dhinimiciúil den tuilemhá cósta ar fad sa limistéar staidéir. Rinneadh an dá fhoinse do thuilte cósta a mheasúnú go mion mar chuid den obair: tuilte taoide dhíreacha agus tuilte mar thoradh ar scaileogú.

Den chuid is mó, bíonn foscadh ag Lár na Cathrach ar scaileogú agus dá bhrí sin, is iondúil nach mbaineann an baol ach amháin le tuile díreach ón taoide . Tá an chuid eile den limistéar staidéir i mbaol suntasach mar gheall ar an dá fhoinse tuilte cósta, áfach. Áirítear leis sin limistéir atá in aice le Bóthar Grattan, Bóthar na Trá Íochtarach mar aon le Bóthar na Trá agus an bealach ar fad feadh Bhóthar na Trá Uachtarach

Is é an Caighdeán Cosanta atá mar sprioc i leith tuilte cósta don scéim ná tuile i réadmhaoine a chosc le linn tuilte abhann le Dóchúlacht Sáruithe Bliantúil (AEP) 0.5%. Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le Caighdeán Cosanta na scéime, féach Forléargas ar na Cláir.

| Dóchúlacht Sáruithe Bliantúil | An Dóchúlacht go dTarlódh Eachtra in aon Bhliain ar leith | Tréimhse Athfhillte (Blianta) |
|---|---|---|
| 0.5% | Seans amháin as 200 | 200 |



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040
OPW
Oifig na nOibreacha Poiblí
Office of Public Works
Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council
BSM
Est. 1968
Brady Shipman Martin.
Built. Environment.
ARUP

Scála an Phóstaeir: A0